

Crann do chuir amach Naoi nár

[Williams, N. J. A.: *The poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe* (Irish Texts Society 51, 1980), poem 22]

1 Crann do chuir amach Naoi nár
mac Láimhiach an seang sliosbhán;
giolla solamh do gheabh greim;
do threabh domhan iar ndílinn.

2 Ní tháinig ó dhílinn duibh
acht éanochtair a héaguibh
do shíol an fhearchon Ádhaimh,
dá cheathror do chompánaibh.

3 Dá chompán gacha cuaine
lucht na báirce bordruaidhe;
iomdha lánamhain san luing
ó áladhaibh an ubhuill.

4 Tráighis díle don domhan
- don Athaír a altoghadh -
dár beanadh an ceannbhrat ciach
do sheangmhac leabhar Láimhiach.

5 Smuainis - fa tearc an toradh -
oifig mbig dá mbeathoghadh;
sealg dhomhain an cheard do char
ar searg thoraidh na talmhan.

6 Sínis ar fhud an achaidh
crannghoíl n-álainn n-arathair;
an crann a-deir an dligheadh
is ann-sein do suidhigheadh.

7 Do chum chéacht i ndeaghaidh damh,
do orduigh shoc dá sheoladh,
do chom coltar i gcaol chroinn
do sgoltadh na raon romhoinn.

8 Do sheol sheisrigh ndiomsaigh ndamh,
do orduigh brod dá mbrostadh;
ochtair daoruidhe 'mun dáimh
is aonduine 'gá hiomáin.

9 Cúich an crann do chuir a-mach
mac Láimhiach na long n-amhlach?
a-déara mé céill an chroinn;
a Dhé, gurab réidh romhoinn.

10 Is é an crainnsin - ceart an bhreath -
an iris dhíreach dhlightheach;
fine Ádhaimh - ní locht leam -
na hocht lándaimh do luaidhseam.

11 Fear aoine is cuinge crábhaidh
oireamh an chroinn chorránaigh;
an t-iománach geal gasta
fear iollánach eaglasta.

12 Is é brod brostuidh na ndamh
teanga an fhir ghráidh dár ngríosadh;
is é an coltar an cridhe -
sgoltadh é ar an aithrighe.

13 Gá feirrde coltar san chriaidh
gan an soc leis 'na leithdhiaidh?
nocha dtuit an magh dá mhuin
gan char an tsuic re a sháluibh.

14 Lus is fhearr d'iarraidh nimhe
an fhaoiside, an aithrighe;
iarraim aithrighe i gceann chuil -
leam is tairthighe ar talmhuin.

15 A oirimh chongmhála an chroinn,
déanam oireamhnacht áloinn
gan in eitrighe ar iarraidh
deigcridhe agus deighriaghail.

16 Fód dearg, fód glas go ngloine
bhíos ar fhud an iomoire;
gidh é an glas is áille ann,
gráinne as nochan fhásann.

17 Ní hamhlaidh don fhód oile,
fód na húire iothmhoire;
gidh salach bonn is bróg dhubh,
ón fhód is trom a thorudh.

18 An fhaoiside gan fholach
an fód úrmhar uachtarach;
's an mhuine fhéarghlas fhásach
duine béalbhras bogásach.

19 Is í an fhaoiside an soc slán
fhosluigeas an fód follán;
beanaidh sí ciaigh don chridhe -

dá shiair í 's an aithrighe.

20 Faoiside 's a féar a-mach
an ghein shúlálainn shalach;
diomdhach saor na ndúile dhi
gan taobh na húire in airde.

21 Cuiream in airde an úir nduinn,
folcham taobh an fheoir áluinn,
déanam síol do char re a chois -
gá bríogh san ar 'na fhéagmhois?

22 A hucht chlé cuirtheam an síol
i gcoinne Íosa an airdríogh;
nár gan an cleas do chogar:
an lámh dheas do dhiubhrogadh.

23 Is í an lámh dhiubhraigtheach dheas
cathair nimhe na naoimhchleas;
an lámh chlé fholamh oile
is é an toradh talmhoidhe.

24 Is é an crann saoghalta an síol
chlaonas ar nimh na naoimhghníomh;
is í an tslighe a haithle a hoir
faithche nimhe idir naomhoibh.

25 Is é an lá brátha bunaidh
an lá frasach foghumhair;
is ann is abaidh a bhuaibh,
thall i madain an mhórLuain.

26 Cuiream an síol go tiogh trom -
ní thig arbhar gan fhochonn;
an té luigheas isan lios
nó shuidheas is é éirghios.

27 Olc tuigim an fhochruig fhinn,
olc tuairim is olc aitchim;
roithric mo chabhair ón chlár -
gabhair droichbhric ar dhubhán.

28 An neasgóid tomhaidhthe thréan
atá im chridhe ní cheiléabh;
an coltar go dtí dár dtreibh
dá sgoltadh, a rí an ríghthigh.

29 Ocht gcéidpheaca na cruinne
a-táid trasna romhuinne;

cliath ghábhaidh ag tocht tromhuinn -
ocht n-álaidh a haoncholuinn.

30 Go gcomhghlana mo chridhe
m'fhaoiside agus m'aithrighe;
go sguabam im theallach thall
nárab ceannach ar chruadhchrann. Crann do chuir.